# Scoláireachtaí d'amhránaithe chun freastal ar Chomhdháil Amhránaíochta an Atlantaigh Thuaidh (NASC)

Tá Comhdháil Amhránaíochta an Atlantaigh Thuaidh (NASC), i gcomhpháirt le hEalaín na Gaeltachta, ag fógairt líon teoranta scoláireachtaí d'amhránaithe atá lonnaithe sa Ghaeltacht in Éirinn, agus a chanann i nGaeilge, le freastal ar Chomhdháil NASC ó 6–8 Márta 2026 i nDún Éideann, Albain.

Tá roinnt scoláireachtaí ar fáil chun tacú le costais chlárúcháin, taistil, lóistín agus per diem do na faighteoirí roghnaithe.

- **3 scoláireacht ar luach €1,000 an ceann** — oscailte do dhaoine aonair atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.

Is ócáid 3 lá í Comhdháil Amhránaíochta an Atlantaigh Thuaidh (NASC), a cheiliúrann amhránaíocht thraidisiúnta agus ceol dúchais ó réigiún an Atlantaigh Thuaidh. Clár traschultúrtha atá i gceist agus beidh ceolchoirmeacha, ceardlanna, pléphainéil, agus ciorcail bheaga amhránaíochta ar bun a thabharfaidh amhránaithe, ceoltóirí, taighdeoirí agus lucht spéise ó gach cearn de réigiún an Atlantaigh Thuaidh, agus níos faide i gcéin, le chéile. Deir Stiúrthóir NASC, Brian Ó hEadhra: "Cibé an amhránaí aitheanta thú, taighdeoir ar an traidisiún béil, ceannaire amhránaíochta pobail, nó duine a bhfuil grá agat do na hamhráin thraidisiúnta, cuireann NASC spás fíoroscailte ar fáil ina bhfuil gach guth luachmhar".

**Suíomh agus Dátaí:** Ionad Scéalaíochta na hAlban, Dún Éideann, 6–8 Márta 2026

**Spriocdháta**: 21 Samhain, 2025

**Suíomh Gréasáin NASC:** https://www.northatlanticsong.com/

**Conas Iarratas a Dhéanamh**

**Amhránaithe 18 mbliana d'aois agus níos sine**

**Líne ábhair an ríomhphoist:** Scoláireacht NASC & Ealaín na Gaeltachta

Seol:

- Scríobh suas le 500 focal ag cur síos ar do chuid spéise i NASC, an fáth ar mian leat freastal ar an gcomhdháil agus an chaoi a gcabhróidh an chomhdháil le forbairt do chleachtais agus do ghairme;
- CV ealaíontóra (ma tá ceann agat);
- 3 shampla ábhartha físe/fuaime de do chuid amhránaíochta;
- Dearbhú scríofa go bhfuil tú lonnaithe i gceantar Gaeltachta agus go mbeidh tú rannpháirteach i gclár iomlán dheireadh seachtaine NASC má bhronntar an scoláireacht ort;
- Ní mór na hiarratais a scríobh i nGaeilge;
- Seol na hiarratais chuig: nasc@tracscotland.org;
- **Spriocdháta**: 21 Samhain, 2025.

**Téarmaí & Treoirlínte na Scoláireachta:**

- Ní mór d'iarratasóirí a bheith lonnaithe i gceantar Gaeltachta (in Éirinn) agus a bheith ag canadh i nGaeilge;
- Ní mór do na hiarratasóirí a n-éireoidh leo a bheith in ann freastal ar an deireadh seachtaine iomlán;
- D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt d'iarrthóirí rathúla páirt a ghlacadh i bpainéil agus i léirithe amhránaíochta Gaeilge;
- Beidh ar na hiarratasóirí a n-éireoidh leo tuairisc ghearr a chur faoi bhráid Ealaín na Gaeltachta laistigh de cheithre seachtaine tar éis na comhdhála;
- Beidh freagracht ar na hiarratasóirí rathúla a gcuid taistil agus lóistín féin a chur in áirithe.